2024/3191

20.12.2024

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/3191 ÓN gCOIMISIÚN

an 19 Nollaig 2024

maidir le haitheantas a thabhairt don scéim dheonach 'Sustainable Biomass Program' (an Clár Bithmhaise Inbhuanaithe) as comhlíontacht a léiriú leis na ceanglais le haghaidh breoslaí bithmhaise a leagtar amach i dTreoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1657

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn ([1]), agus go háirithe Airteagal 30(4) agus (5) di,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Treoir (AE) 2018/2001, leagtar síos ceanglais le haghaidh breoslaí áirithe, mar atá bithbhreoslaí, bithleachtanna, breoslaí bithmhaise, breoslaí in-athnuaite leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte chun a áirithiú nach féidir iad a áireamh mar chuid de na spriocanna a leagtar amach sa Treoir sin ach amháin más rud é gur táirgeadh go hinbhuanaithe iad agus go sábháiltear leo líon mór astaíochtaí gás ceaptha teasa i gcomparáid le breoslaí iontaise. Le hAirteagal 29 de Threoir (AE) 2018/2001, leagtar síos critéir maidir le hinbhuanaitheacht agus maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa do bhithbhreoslaí, do bhithleachtanna agus do bhreoslaí bithmhaise. Thairis sin, le hAirteagal 26 den Treoir sin agus le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/807 ón gCoimisiún ([2]) leagtar síos na critéir chun na nithe seo a leanas a chinneadh: (i) cé na bunábhair le haghaidh bithbhreoslaí, bithleachtanna nó breoslaí bithmhaise lena ngabhann riosca ard maidir le hathrú indíreach ar thalamhúsáid; agus (ii) cé na bithbhreoslaí, bithleachtanna nó breoslaí bithmhaise lena ngabhann riosca ard maidir le hathrú indíreach ar thalamhúsáid agus a chomhlíonann critéir áirithe ar féidir a dheimhniú ina leith go ngabhann riosca íseal leo maidir le hathrú indíreach ar thalamhúsáid. Le hAirteagal 29a(1) agus (2) den Treoir leagtar síos critéir maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa do bhreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus do bhreoslaí carbóin athchúrsáilte. Le hAirteagal 31a(2) de Threoir (AE) 2018/2001 ceanglaítear ar oibreoirí eacnamaíocha faisnéis a iontráil i mbunachar sonraí de chuid an Aontais maidir leis na hidirbhearta a rinneadh agus maidir le hairíonna inbhuanaitheachta breoslaí in-athnuaite leachtacha agus gásacha agus breoslaí carbóin in-athnuaite.

(2) Tá ról tábhachtach ag na scéimeanna deonacha maidir le fianaise a sholáthar ar chomhlíonadh na gcritéar inbhuanaitheachta agus na gcritéar maidir le hinbhuanaitheacht agus maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa do bhithbhreoslaí, do bhithleachtanna agus do bhreoslaí bithmhaise. Faoi Threoir (AE) 2018/2001, is féidir scéimeanna deonacha a úsáid, i measc cuspóirí eile, chun an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) chun a dheimhniú go gcomhlíonann na breoslaí uile a tháirgtear ó bhithmhais na critéir maidir le hinbhuanaitheacht a leagtar síos sa Treoir sin; agus (ii) chun sonraí cruinne a sholáthar faoin laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó na breoslaí sin; Is féidir scéimeanna deonacha a úsáid freisin chun a chruthú go n-iontrálann oibreoirí eacnamaíocha faisnéis chruinn sa bhunachar sonraí de chuid an Aontais nó sa bhunachar sonraí náisiúnta faoi bhreoslaí in-athnuaite agus breoslaí carbóin athchúrsáilte i gcomhréir le hAirteagal 31a(2) agus (5) de Threoir (AE) 2018/2001. Féadfaidh an Coimisiún a chinneadh gur féidir na scéimeanna deonacha náisiúnta nó idirnáisiúnta a úsáid chun na gcríoch sin ar fad nó cuid díobh.

([1]) IO L 328, 21.12.2018, lch. 82, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2018/2001/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/807 ón gCoimisiún an 13 Márta 2019 lena bhforlíontar Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le bunábhar lena ngabhann riosca ard maidir le hathrú indíreach ar thalamhúsáid a chinneadh ina ndéantar síneadh suntasach a chur leis an limistéar táirgthe le go gcumhdófaí talamh a bhfuil stoc ard carbóin ann chomh maith le deimhniú bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise lena ngabhann ísealriosca maidir le hathrú indíreach ar thalamhúsáid (IO L 133, 21.5.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2019/807/oj).

(3) An 15 Deireadh Fómhair 2020 chuir an scéim dheonach '*Sustainable Biomass Program*' iarraidh faoi bhráid an Choimisiúin chun aitheantas a fháil de bhun Airteagal 30(4) de Threoir (AE) 2018/2001. Rinne an Coimisiún measúnú ar an scéim agus shainaithin roinnt saincheisteanna a raibh leasú ag teastáil ina leith. Chuir an scéim dheonach '*Sustainable Biomass Program*' a hiarraidh isteach arís an 2 Nollaig 2021, inar tugadh aghaidh ar na saincheisteanna a sainaithníodh. Mar fhreagairt air sin, ghlac an Coimisiún Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1657 ([3]), lenar tugadh aitheantas don scéim dheonach '*Sustainable Biomass Program*' as comhlíontacht a léiriú leis na ceanglais in Airteagal 29(6), (7) agus (10) de Threoir (AE) 2018/2001.

(4) Rinne an scéim dheonach '*Sustainable Biomass Program*' leasuithe breise chun a áirithiú go gcumhdaítear léi freisin comhlíonadh na gcritéar maidir le hinbhuanaitheacht agus maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa d'iarmhair talmhaíochta ó thalamh talmhaíochta. Tar éis tuilleadh leasuithe a dhéanamh, san athiarraidh a rinneadh an 18 Nollaig 2023, cumhdaítear iarmhair thalmhaíochta adhmadacha ó thailte talmhaíochta leis an scéim freisin. Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1657 a aisghairm agus an Cinneadh seo a chur ina ionad.

(5) Leis an scéim dheonach '*Sustainable Biomass Program*' cumhdaítear na cineálacha bunábhar seo a leanas: (a) ábhar ligniceallalóis a dhíorthaítear ó thalamh foraoise agus ó thalamh neamh-fhoraoise; (b) iarmhair phróiseála ó thionscail a bhaineann le foraoisí agus leis an talmhaíocht (lasmuigh de thalamh foraoise agus talmhaíochta); agus (c) iarmhair thalmhaíochta neamhadhmadacha ó thalamh talmhaíochta. Eisiatar iarmhair thalmhaíochta neamhadhmadacha ó thalamh talmhaíochta. Leis an scéim dheonach '*Sustainable Biomass Program*' cumhdaítear breoslaí bithmhaise (millíní agus slisíní adhmaid) a tháirgtear ó ábhar ligniceallalóis foraoise agus neamh-fhoraoise agus iarmhair phróiseála ó thionscail a bhaineann le foraoisí agus leis an talmhaíocht le haghaidh táirgeadh teasa agus leictreachais. Tá 'bithleachtanna', 'bithbhreoslaí', 'bithghás', 'breoslaí in-athnuaite leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch' agus 'breoslaí carbóin athchúrsáilte' lasmuigh de raon feidhme na scéime deonaí '*Sustainable Biomass Program*'. Tá clúdach geografach domhanda ag an scéim sin agus cuimsítear léi an líne chúraim ar fad.

(6) Agus measúnú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar an scéim dheonach '*Sustainable Biomass Program*' an athuair, chinn sé go gcumhdaítear go leormhaith léi na critéir maidir le hinbhuanaitheacht atá in Airteagal 29(6) agus (7) de Threoir (AE) 2018/2001. Cinneadh freisin, i gcás iarmhair thalmhaíochta adhmadacha ó thalamh talmhaíochta, go gcumhdaítear go leormhaith leis an scéim na critéir maidir le hinbhuanaitheacht in Airteagal 29(2) go (5) den Treoir sin. Tá sonraí cruinne sa scéim faoi laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa chun críocha Airteagal 29(10) den Treoir sin agus cuirtear modheolaíocht maidir le cothromaíocht mhaise i bhfeidhm léi i gcomhréir le ceanglais Airteagal 30(1) agus (2) den Treoir sin.

(7) Cinneadh go gcomhlíonann an scéim dheonach '*Sustainable Biomass Program*' go leormhaith na rialacha a áirítear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/996 ón gCoimisiún ([4]).

(8) Cinneadh go gcomhlíonann an scéim na rialacha a áirítear i Rialachán Cur Chun Feidhme 2022/2448 ón gCoimisiún ([5]).

(9) San athmheasúnú ar an scéim dheonach '*Sustainable Biomass Program*', cinneadh go gcomhlíonann sí caighdeáin leordhóthanacha iontaofachta, trédhearcachta agus iniúchóireachta neamhspleáiche agus na ceanglais mhodheolaíocha a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Treoir (AE) 2018/2001.

(10) Ba cheart an fhaisnéis gur tugadh aitheantas don scéim dheonach '*Sustainable Biomass Program*' a chur ar fáil sa roinn ar shuíomh gréasáin EUROPA an Choimisiúin atá dírithe ar scéimeanna deonacha.

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1657 ón gCoimisiún an 26 Meán Fómhair 2022 maidir le haitheantas a thabhairt don scéim dheonach '*Sustainable Biomass Program*' chun a léiriú go bhfuil ceanglais Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bithbhreoslaí, bithleachtanna, breoslaí bithmhaise, breoslaí in-athnuaite leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte á gcomhlíonadh (IO L 249, 27.9.2022, lch. 53, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2022/1657/oj).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/996 ón gCoimisiún an 14 Meitheamh 2022 i ndáil le rialacha chun critéir maidir le hinbhuanaitheacht agus laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus critéir maidir le riosca íseal i ndáil le hathrú indíreach ar thalamhúsáid a fhíorú (IO L 168, 27.6.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/996/oj).

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2448 ón gCoimisiún an 13 Nollaig 2022 maidir le treoir oibríochtúil a bhunú i dtaca leis an bhfianaise lena léireofar gur comhlíonadh na critéir inbhuanaitheachta um bithmhais foraoise a leagtar síos in Airteagal 29 de Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 320, 14.12.2022, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/2448/oj).

(11) Chun go bhféadfar na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo a chur i bhfeidhm go pras, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(12) Na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo, tá siad i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Inbhuanaitheacht Bithbhreoslaí, Bithleachtanna agus Breoslaí Bithmhaise,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An scéim dheonach '*Sustainable Biomass Program*', a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin chun aitheantas a fháil ina leith an 2 Nollaig 2021 agus an 18 Nollaig 2023, léiríonn sí, i gcás na mbreoslaí a ndéantar iniúchadh orthu faoin scéim, comhlíontacht na gcoinsíneachtaí de bhreoslaí bithmhaise leis na critéir maidir le hinbhuanaitheacht a leagtar síos in Airteagal 29(2) go (5) de Threoir (AE) 2018/2001 d'iarmhair thalmhaíochta adhmadacha ó thalamh talmhaíochta, agus comhlíontacht le hAirteagal 29(6), (7) agus (10) den Treoir sin.

Chomh maith leis sin, sa scéim dheonach '*Sustainable Biomass Program*' tá sonraí cruinne faoi laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa chun críoch Airteagal 29(10) de Threoir (AE) 2018/2001 sa mhéid go n-áirithítear léi go n-aistrítear an fhaisnéis ábhartha ar fad ó oibreoirí eacnamaíocha atá ar an leibhéal réamhtheachtach den líne chúraim chuig oibreoirí eacnamaíocha atá ar an leibhéal iartheachtach den líne chúraim.

Airteagal 2

I gcás ina ndéanfar athrú ar ábhar na scéime deonaí '*Sustainable Biomass Program*', mar a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin í chun aitheantas a fháil ina leith, arb athrú é a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'fhoras an Chinnidh seo, cuirfidh an scéim dheonach '*Sustainable Biomass Program*' an Coimisiún ar an eolas faoi na hathruithe sin gan mhoill. Déanfaidh seirbhísí an Choimisiúin measúnú ar na hathruithe faoina dtugtar fógra d'fhonn a shuí cé acu a chumhdaítear nó nach gcumhdaítear go leormhaith fós leis an scéim na critéir maidir le hinbhuanaitheacht ar tugadh aitheantas di ina leith.

Airteagal 3

Aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1657.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige go dtí an 21 Nollaig 2029.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Nollaig 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN